III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

TUAIRIM Uimh. 8/2020

(de bhun Airteagal 287(4) agus 322(1)(a), CFAE)

maidir le togra 2020/0100 (COD) ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le saoráid iasachta na hearnála poiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir *(COM(2020) 453 final)*

(2020/C 373/01)

CLÁR ÁBHAR


	Mír	*Leathanach*
Réamhrá	1-6	2
Ráitis Ghinearálta	7-11	3
Ráitis Shonracha	12-22	3
Riosca a bhaineann le deontas nach bhfuil nasctha le costais	12	3
Breisíocht na hionstraime	13-14	3
Cuspóir aeráide agus inbhuanaitheacht	15-17	4
An tSaoráid a Mhaoiniú	18-20	4
Táscairí feidhmíochta	21-22	5

Réamhrá

1. I mí na Nollag 2019, ghlac an Coimisiún Cumarsáid maidir le Comhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final), a bhfuil sé mar aidhm léi geilleagar nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch a dhéanamh de AE, áit nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa inti faoi 2050, áit a bhfuil fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní, agus áit nach bhfuil duine ar bith nó áit ar bith fágtha ar lár. I mí Eanáir 2020, mhol an Coimisiún plean Infheistíochta um Chomhaontú Glas don Eoraip a chruthú, rud a chuimsigh an "Sásra um Aistriú Cóir". Dírítear leis an sásra sin ar na réigiúin agus ar na hearnálacha is mó atá faoi thionchar an aistrithe i dtreo an gheilleagair atá neodrach ó thaobh na haeráide de, lena soláthraítear meascán de dheontais agus de chineálacha maoinithe inaisíoctha, amhail iasachtaí, chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, eacnamaíochta agus chomhshaoil an aistrithe. Tá an sásra dírithe ar phleananna críche um aistriú cóir, agus tá trí cholún maoinithe ann (féach Fíor 1).

Fíor 1

Struchtúr beartaithe molta den Sásra um Aistriú Cóir



Foinse: CIE, ar bhonn an Choimisiúin Eorpaigh.

2. Is í saoráid iasachta na hearnála poiblí (an "tSaoráid") an tríú colún den Sásra um Aistriú Cóir. Is éard a bheidh inti comhpháirt deontais a bhfuil luach EUR 1,5 billiún uirthi ón mbuiséad AE agus comhpháirt iasachta suas le EUR 10 mbilliún in acmhainní dílse ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus b'fhéidir ó chomhpháirtithe airgeadais eile. De réir an Choimisiúin [1], táthar ag súil go gcuirfidh an tSaoráid idir EUR 25 bhilliún agus EUR 30 billiún d'infheistíocht phoiblí ar fáil thar an tréimhse 2021-2027.

3. Is cineál de "shaoráid chumaisc" í an tSaoráid, a shainítear mar chreatcomhair arna bhunú idir an Coimisiún agus, i measc eagraíochtaí eile, institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile d'fhonn cineálacha tacaíochta neamh-inaisíoctha (deontais) agus cineálacha tacaíochta inaisíoctha (iasachtaí) a chomhcheangal [2].

4. Is é cuspóir sonrach na Saoráide infheistíocht ón earnáil phoiblí a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha réigiúin AE atá sainaitheanta i bpleananna críche um aistriú cóir, mar thoradh ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Moltar sa dréacht-rialachán é sin a dhéanamh trí mhaoiniú tionscadal a éascú nach ngineann sruth leordhóthanach dá n-ioncaim féin agus nach maoineofaí gan gné na tacaíochta deontais ó bhuiséad AE a fháil. Bheadh gné an deontais, mar shampla, ina cuidiú le comhlacht poiblí tionscadal a mhaoiniú nach gcuirfí chun feidhme murach sin (nó nach gcuirfí chun feidhme ag an méid céanna) nó ar a mbeadh moill de bharr srianta buiséadacha.

[1] Féach leathanach 22 den Chumarsáid ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Infheistíochta um an Eoraip Inbhuanaithe (COM(2020) 21 final).
[2] Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, Iúil 2018.

5. Cé go ndírítear leis na trí cholún ar na réigiúin agus ar na críocha céanna atá faoi réir pleananna críche um aistriú cóir, ba cheart do gach ceann acu, i bprionsabal, díriú ar thionscadail a bhfuil riachtanais éagsúla maoinithe ag baint leo. Tacaíonn an Ciste um Aistriú Cóir (an chéad cholún) le tionscadail phoiblí go príomha trí dheontais. Féadfaidh InvestEU (an dara colún) tacú le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a ghineann dóthain ioncaim chun go mbeidh siad iontaofa ó thaobh brabúis. Maoiníonn an tSaoráid (an tríú colún) tionscadail san earnáil phoiblí a ghineann a sruthanna ioncaim féin ach nach bhfuil dóthanach chun costais infheistíochta a chumhdach.

6. Éilíonn bunús dlí an togra ón gCoimisiún comhairliúchán le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) ([3]), agus d'iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tuairim CIE. Comhlíonann an tuairim seo an ceanglas comhairliúcháin. Tá sé teoranta don togra maidir le saoráid iasachta na hearnála poiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir agus comhlánaíonn sé agus athdhearbhaíonn sé roinnt pointí dár dtuairim Uimh. 5/2020 maidir leis an togra ón gCoimisiún lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (COM(2020) 22 final).

Ráitis Ghinearálta

7. Beidh infheistíocht shuntasach riachtanach ar fud AE chun a aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050. Ba chóir tacaíocht ó AE chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú sin cothrom agus cóir a bheith dírithe ar na réigiúin is mó lena mbaineann agus ar na háiteanna ar a mbeidh an tionchar is mó ag an tacaíocht.

8. I Réamhaithrisí 1 agus 5 den togra, déantar an tSaoráid a nascadh leis an gComhaontú Glas mar fhreagairt ar dhúshláin aeráide agus chomhshaoil d'fhonn tacú le haistriú AE chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Mar sin féin, ní bhunaítear nasc soiléir leis an dréacht-rialachán le huaillmhianta aeráide AE.

9. Tá sé tugtha faoi deara againn nach ndearna an Coimisiún meastóireacht *ex ante* nó measúnú tionchair mar a cheanglaítear le hAirteagal 209 den Rialachán Airgeadais, ina luaitear nach mór oibríochtaí cumaisc a bhunú ar mheastóireachtaí *ex ante* nó ar mheasúnuithe tionchair ina bhfuil míniúcháin maidir leis an gcineál oibríochta airgeadais a roghnaítear, agus ag cur san áireamh na cuspóirí beartais atá á saothrú agus na rioscaí airgeadais gaolmhara agus na coigiltis don bhuiséad. Leis an anailís sin, mhíneofaí an fáth ar chinn an Coimisiún tacaíocht chumaisc a úsáid don tríú colún den Sásra um Aistriú Cóir agus shaineofaí na saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu, an méid cistiúcháin is gá, an breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE agus na héifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo ag na roghanna éagsúla.

10. Ós rud é nár ullmhaíodh aon mheasúnú riachtanas nó aon mheastóireacht *ex ante*, ní léir a mhéid atá fíor-éileamh ar an tSaoráid nó a éifeachtaí a bheidh sí. Sna himthosca sin, bheadh sé iomchuí don Choimisiún tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na fachtóirí anaithnide sin agus obair leantach a dhéanamh orthu ina thuairisciú bliantúil ar ionstraimí airgeadais de bhun Airteagal 250 den Rialachán Airgeadais.

11. Cuireann an togra maoiniú ar fáil do réigiúin agus do chríocha a bhfuil maoiniú faighte acu cheana féin le haghaidh riachtanas forbartha a bhaineann le cuspóirí aeráide AE, lena n-áirítear cistiú tiomnaithe AE. Níl anailís chuimsitheach aimsithe againn ar an méid atá bainte amach ag maoiniú AE roimhe seo sna réigiúin sin, nó ar na riachtanais atá acu fós. Táimid den tuairim go bhfuil sé tábhachtach anailís a dhéanamh ar an tsaincheist seo tríd na pleananna um aistriú cóir.

Ráitis Shonracha

Riosca a bhaineann le deontas nach bhfuil nasctha le costais

12. D'fhonn an t-ualach airgeadais ar thairbhithe a laghdú mar thoradh ar iasachtaí a aisíoc, beidh deontais faoin tSaoráid den chineál maoinithe nach bhfuil nasctha le costais shonracha tionscadail. Beidh an chomhpháirt deontais ionann agus suas le 15 % den iasacht (agus suas le 20 % i réigiúin bheagfhorbartha). Luaitear in Airteagal 8 (b) den dréacht-rialachán nach féidir le tionscadail tacaíocht a fháil faoi aon chlár AE eile. Cuireann sé sin srian ar an mbaol go mbeidh maoiniú dúbailte AE ann. Mar sin féin, táimid den tuairim go bhféadfaí cúnamh teicniúil agus acmhainní comhairleacha a dhíolmhú ón oibleagáid atá leagtha síos san airteagal seo, d'fhonn sineirgí a chumasú le cláir AE eile a thacaíonn le hullmhú agus le cur chun feidhme tionscadal incháilithe.

Breisíocht na hionstraime

13. Faoi Airteagal 8(d) den togra, ní féidir leis an tSaoráid tacú ach le tionscadail nach ngineann sruth leordhóthanach dá n-ioncaim féin le bheith maoinithe gan tacaíocht AE. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an tSaoráid cur le hinacmhainneacht na dtionscadal, rud a chuirfeadh ar chumas na dtairbhithe tabhairt fúthu níos luaithe agus ina n-iomláine. Táimid den tuairim go bhfuil an ceanglas sin riachtanach chun cosc a chur le hathsholáthar tacaíochta agus infheistíochta féideartha ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile agus, dá bhrí sin, breisíocht a ráthú mar atá shainmhínithe in Airteagal 209(2)(b) den Rialachán Airgeadais.

([3]) An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagal 322(1)(a).

14. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún an coinníoll seo a fhíorú agus a chur i bhfeidhm mar is ceart maidir le sreafaí neamh-leordhóthanacha d'ioncaim féin a ghiniúint d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na tionscadail uile a roghnaítear an ceanglas breisíochta mar a shainítear thuas.

Cuspóir aeráide agus inbhuanaitheacht

15. Luaitear i Réamhaithris (14) den togra gur cheart critéir shonracha incháilitheachta agus dhámhachtana a shainiú i gcláir oibre agus i nglaonna ar thograí. Mar sin féin, ní dhéantar an ceanglas sin a shoiléiriú tuilleadh in airteagail den dréacht-rialacháin. Táimid den tuairim, trí roinnt ceanglas bunúsach nó ginearálta ar leibhéal AE a leagan síos, go bhféadfaí a áirithiú go mbeadh sé éifeachtach i gcásanna ina mbeadh an t-éileamh níos mó ná leithdháiltí deontais náisiúnta. Go háirithe, d'fhéadfaí ceanglais a áireamh, amhail:

— ba cheart don tionscadal aghaidh a thabhairt ar na riachtanais arna sainaithint sna pleananna críche um aistriú cóir;

— ba cheart go mbeadh an deontas ábhartha maidir leis an tionscadal a dhéanamh inacmhainne don tairbhí; agus

— ba cheart go rannchuideodh an tionscadal le cuspóirí aeráide AE.

16. Ina theannta sin, ba cheart coinníollacha na Saoráide a nascadh ar bhealach níos láidre le cuspóirí aeráide AE a bhaint amach, mar shampla trí chritéir arna mbunú ag Tacsanomaíocht AE a úsáid ([4]) i gcásanna ina bhfuil ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá infheistíocht inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. D'áiritheofaí leis sin freisin nach mbeadh an tSaoráid ag tacú le gníomhaíochtaí a mbeadh glanmhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh orthu.

17. Ina theannta sin, ní áirítear sa dréacht-rialachán aon choinníoll gur cheart do thionscadail an prionsabal "gan dochar a dhéanamh" a chomhlíonadh, go háirithe maidir leis an athrú aeráide. Na gníomhaíochtaí sin nach bhfuil incháilithe don Chiste um Aistriú Cóir ([5]), ina n-áirítear go sonrach infheistíochtaí a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, dáileadh, stóráil agus dóchán breoslaí iontaise, ba cheart iad a eisiamh ón tSaoráid freisin. Déantar é sin chun a áirithiú nach dtacóidh an tSaoráid le hinfheistíochtaí i mbonneagar breosla iontaise nach bhfuil chomh truaillitheach céanna, rud nach mbeadh ina chuidiú maidir leis an gcuspóir de neodracht ó thaobh na haeráide de a bhaint amach. Ina theannta sin, chuirfeadh sé cosc ar thionscadail ar diúltaíodh dóibh faoi Airteagal 5 den Rialachán maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir a bheith curtha isteach an athuair agus a bheith maoinithe faoin tSaoráid.

An tSaoráid a Mhaoiniú

18. Molann an Coimisiún go maoineofar comhpháirt an deontais go príomha ón mbarrachas intuartha den soláthar don ráthaíocht bhuiséadach arna bunú ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI) ([6]). Luaitear i Rialachán EFSI go soláthrófar suas le 35 % nó (EUR 9,1 billiún) de ráthaíocht bhuiséadach EUR 26 bhilliún i gciste ráthaíochta tiomnaithe, d'fhonn cosc a chur ar ghlaonna díreacha ar bhuiséad AE. Mheas an Coimisiún (bunaithe ar shonraí BEI amhail an 31 Nollaig 2019) go mbeidh caillteanais fhéideartha ar an bpunann fhoriomlán faoi bhun an mhéid soláthair sin, agus nach n-úsáidfidh an ciste ráthaíochta níos mó ná EUR 1 bhilliún agus go bhféadfaí é sin a athleithdháileadh ar an tSaoráid.

19. Rinne an Coimisiún an ríomh sin bunaithe ar roinnt toimhdí roimh ghéarchéim COVID-19. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag an ngéarchéim seo ar líon suntasach tairbhithe iasachtaí BEI a fhaigheann tacaíocht ó ráthaíocht EFSI agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh líon níos airde de ghlaonna ráthaíochta mar thoradh air sna blianta amach anseo.

20. Sa tuairim a thugamar roimhe seo maidir le EFSI, ([7]) chuireamar in iúl go méadófaí an riosca go mbeadh an méid a chuirtear sa chiste ráthaíochta neamhleor dá laghdófaí an ráta soláthair ó 50 % go 35 % trí Rialachán EFSI (EFSI 2.0) a leasú, agus go mbeadh gá le glaonna díreacha ar an mbuiséad. D'fhonn cur chuige stuama a choinneáil maidir le teorainn a chur leis an neamhchosaint fhoriomlán airgeadais ar na dliteanais suntasacha teagmhasacha atá ag ráthaíocht EFSI, measaimid go bhfuil anailís nuashonraithe riachtanach chun a áirithiú gur féidir EUR 1 bhilliún a shannadh don tSaoráid.

([4]) Mar a bunaíodh le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).
([5]) Airteagal 5 den Togra maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir a bhunú (COM(2020) 22).
([6]) Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).
([7]) Tuairim Uimh. 2/2016: EFSI: togra luath chun síneadh agus bheith ag súil leis (IO C 465, 13.12.2016, lch. 1).

Táscairí feidhmíochta

21. Liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an dréacht-rialachán líon teoranta príomhtháscairí. Is táscairí aschuir iad sin den chuid is mó (e.g. líon na n-iasachtaí sínithe, líon na dtionscadal de réir earnála). Murab ionann agus an dréacht-rialachán don Chiste um Aistriú Cóir (lena saothraítear cuspóirí comhchosúla leis an tSaoráid), ní áirítear táscairí torthaí ar leith sa togra agus ní shainítear táscairí aschuir maidir le tionchar sóisialta agus eacnamaíoch an aistrithe chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Ní áirítear leis ach an oiread an oibleagáid bonnlíne agus sprioc a shainiú do na táscairí sin. Níl aon táscairí ann ach an oiread maidir le tionchar an aistrithe ar an gcomhshaol, nó aon táscairí lena gcuirtear faisnéis shoiléir ar fáil maidir leis an gcuspóir chun tacú leis an aistriú ó earnálacha atá dian ar charbón. D'fhéadfaí táscairí den chineál sin a shainiú san iarscríbhinn a ghabhann leis an dréacht-rialachán, nó d'fhéadfaí oibleagáid chun iad a shainiú a áireamh in Airteagal 14(3).

22. Maidir leis na táscairí atá beartaithe, ní dhéantar ach an príomhtháscaire feidhmíochta 4 (líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht) a mhiondealú de réir réigiúin agus críche a bhfuil tionchar ag an bplean críche um aistriú cóir. D'fhonn faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar chur chun feidhme na Saoráide, rud maith a bheadh ann dá ndéanfaí na táscairí go léir a moladh, lena n-áirítear méideanna deontais agus iasachta, a mhiondealú de réir réigiúin, i gcás inarb ábhartha.

Ghlac Cúirt na nIniúchóirí leis an Tuairim seo i Lucsamburg, an 24 Meán Fómhair 2020.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí
Klaus-Heiner LEHNE
An tUachtarán